


# Turgnamh na Miotóige Blonaige



Mamaigh mhuirí, amhail rónta, piongainí, deilfeanna agus rosuait, ní iad féin a choinneáil te in uiscí an-fhuar. Le hé sin a dhéanamh, tá sraith thiubh saille acu a dtugtar “blonag” uirthi. Sa turgnamh seo, déanaimid tástáil ar éifeachtacht na blonaige ó thaobh coinneáil te de.


**Am le hé a shocrú: 15 nóiméad**

**Am feithimh: Braitheann sé**

**Céard a bheidh ag teastáil uait?**

1. 2 bhabhla mhóra nó 1 bháisín
2. Uisce fuar
3. Ciúbanna oighir (roinnt mhaith acu)
4. Leathchileagram d'im nó margairín (bog, ag teocht an tseomra)
5. 4 mhála phlaisteacha Ziploc (is féidir iad a ní agus a athúsáid)
6. Tuáille
7. Cúntóir (roghnach)
8. Stopuairadóir (déanfaidh stopuairadóir ar d'fhón an chúis) (roghnach)
9. Teirmiméadar (roghnach)


## Céard atá le déanamh?



1. Líon na babhlaí (nó an báisín) le huisce fuar agus oighear. Ba chóir dóibh a bheith thart ar dhá thrian lán, agus roinnt spáis a bheith fágtha ag an mbarr. Má tá dhá bhabhla á n-úsáid agat, déan cinnte go gcuirfidh tú an líon céanna Ciúbanna oighir i ngach

babhla – dá mhéad oighear is ea is fearr é!


2. Úsáid spúnóg leis an im/margairín ar fad a chur i gceann de na málaí ziploc.
3. Ansin, cuir lámh amháin i mála glan ziploc eile amhail is dá mba mhiotóg é. Anois cuir an lámh atá sa mhála glan isteach sa mhála eile a bhfuil an t-im ann.
4. Úsáid do lámh eile lena chinntiú go bhfuil an t-im leata go cothrom thart ar do lámh. Le nach ndéanfaidh tú praiseach, is féidir leat téip a úsáid leis an mála istigh a ghreamú den mhála amuigh (ach ná déan dearmad gur miotóg í – mar sin ná séalaigh an mála taobh istigh!)
5. Má tá teirmiméadar agat, seiceáil teocht an uisce i do bhabhla(í).
6. Ansin, déan miotóg eile trí mhála nua ziploc a chur taobh istigh den cheann eile, ach gan aon im a bheith ann an uair seo!
7. Cuir an mhiotóg atá lán le him ar lámh amháin agus an mhiotóg fholamh ar an lámh eile.
8. Cuir an dá lámh isteach san uisce oighir ag an am céanna – iarr ar do chúntóir an stopuaireadóir a thosú.
9. Nuair a éireoidh lámh amháin chomh fuair sin go bhfuil sé míchompordach, tóg amach as an uisce í agus breac síos an t-am. Fág an lámh eile istigh san uisce go dtí go n-éireoidh sé míchompordach freisin, agus nuair a thógfaidh tú amach í, breac síos an t-am arís.



**Tabhair do d'aire:** Ná lig duit féin éirí rófhuar! Má bhíonn aon phian ann, tóg do lámha amach as an uisce gan a thuilleadh moille.

## Ceisteanna:

1. Cén mhiotóg a chabhraigh leat fanacht te ar feadh tréimhse ní b'fhada?
2. Má tá teirmiméadar agat, is féidir leat é a úsáid leis an teocht taobh istigh de gach miotóg a sheiceáil agus iad san uisce (beidh cúntóir ag teastáil uait le hé seo a dhéanamh). Cad iad na teochtaí a thairfead tú?
3. Cén fáth a gceapann tú a raibh sé tábhachtach an mhiotóg fholamh a úsáid in ionad do lámh lom a chur go díreach isteach san uisce?
4. Cé na rudaí eile a d'fhéadfá a úsáid le haghaidh an turgnaimh seo seachas im?



## Míniú:

Is inslitheoir den scoth í **an tsail** – is éard a chiallaíonn sé sin ná go gcoinníonn sí teas isteach. Sa turgnamh seo, feidhmíonn an tsail san im ar an gcaoi chéanna a bhfeidhmíonn blonag do mhamaigh mhuirí, agus cuireann cosc ar an teas i do lámh éalú amach san uisce fuar.




Féach léiriú ar thurgnamh den chineál céanna anseo:

<https://www.stevespanglerscience.com/lab/experiments/blubber-gloves/>

## An raibh a fhios agat?

Sa 19ú haois, d'úsáidtear blonag ó mhíolta móra mar bhreosla do lampaí ola i gcathracha agus le coinnle agus gallúnacha a dhéanamh.



Bhíodh sé ina fhoinsé thábhachtach bhia agus cothaitheach go traidisiúnta do na hIonúitigh agus do dhaoine eile a bhí ina gcónaí sna réigiúin Artacha. Ar an drochuair, de dheasca thruailliú an aigéin, tá leibhéil arda ceimiceán tocsaineach sa bhlonag anois, atá ag carnadh sa bhiashlabhra le tamall. Tá na ceimiceáin seo go dona d'ainmhithe agus do dhaoine araon.